Buaidh ríodhamhna ar Raghnallchuibh

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 72]

1 Buaidh ríodhamhna ar Raghnallchuibh
do bhreith fileadh Fhóid Énna;
ríoghraidh fhuiltioch armarsuidh,
cairt an bhladha leó légthair.

2 Fiú an chéidteisd do chuirioduir
fuil Raghnuill na sluagh siobhlach,
mar tá a gclú gan uiriosbhaidh,
caithiomh do chur a n-ionnmhus.

3 Ceann sluaigh na bhfear bhfírfheardha,
ua Rémuinn na ruag neamhthais,
beiridh in fiodh fíneamhna
barr uaisle tar na feadhuibh.

4 Mar táid riamh lé réidheineach,
laoich oirdhearca fhuinn Branach,
aniú ar lár ní léigfidhear
teisd na ríghmhíleadh rathmhar.

5 Mac Seaáin Óig oirbheartuigh,
taibhgheóir cána críoch mbiodhbhadh
cuirid dá chlú a gcoinghleaca
barr anma air nárbh iongnadh.

6 Mar táid fioghraidh Raghnallach
a gclú a gconchlann ar-oile,
leanfaidh in t-óg armchorcra
lorg na sinnsear riamh roimhe.

7 [Is] lór do thúr tighearnuis
oighri Seaáin, rún ríobhan;
ag cléir ní fhuil indearmuid
fá dhigh molta as-daor ndíoladh.

8 Ní leanfaidh ceart oighriochta,
a n-am troda ar chách cinnfidh
ró oinigh is oirbhearta,
ní beag é d’iarraidh innmhe.

9 Ciall fá riaraid ríodhámha,
fine Broin na bhfleadh neartmhur,
macruidh gan mhian síothchána,
sealbh an ghaisgidh dóibh dleaghthar

10 Sgél nuaidhe a-tá a ttairngire,
a mhic Úna, is ribh shamhluim,
go ttiocfa scrios ainbhfine
fá dheóidh do ríghshliocht Raghnuil

11 Uirscél arsaidh fuaramar
ar mhac ríogh d'óguibh Uladh;
tráth a-nois dá nuadhughadh,
dó is cosmhuil a chumadh.

12 Fear dár chomhainm Conchubhar,
mac oirdhirc Fachtna Fáthuigh,
triath na gcuradh gcomhramhach,
annamh sóisear nár sháruigh.

13 Téid in cuire coimhneartmhar,
más fíor a bhfuighlid scola,
do dhruim fhéile is oirbheartuis
a seilbh ceannuis Chlann Rosa.

14 Gérbh é Naoisi neartchalma
dob óige do chloinn Uisnioch,
do-chóidh do dhruim deaghanma
ós cionn na bhféinneadh bhfuiltioch.

15 Gér tháscmhur na trénchuraidh
dá mbíodh gach aoinneach umhal,
clú na sósur séanamhail
fá dheóidh do sháruigh tusa.

16 Tú in t-uaithne dá n-umhluighid
fuil Énna a n-aimsir troda;
géga na gcrann gcumhruidhe,
do-níd umhla dá ttoradh.

17 A lámh is trom ttiodhlaigthe,
do-bhér dhíbh do shéd suirghe;
glac rann do dhruim díoghruisi
ó a mbia ar gcumann ar cuimhne.

18 Fiú a luaidhtear dod láinteasdaibh,
a mhic Úna is ard n-anma,
méd na nduas do dháiliobhair,
is díbh féin a-tá a tharbha.